# Ag Glaoch ar Ealaíontóirí Óga uile!

## Tá Seo Ealaín! 2023 OSCAILTE ANOIS LE hAGHAIDH IONTRÁLACHA

SEO EALAÍN! Tá cuireadh á thabhairt ag comórtas ealaíne do dhaoine óga is iontaí na hÉireann d'ealaíontóirí óga chun a gcuid saothair a chur isteach. Tá an comórtas oscailte d'ealaíontóirí óga de chumais agus ó chúlraí éagsúla, atá 18 mbliana d'aois agus níos óige, atá ina gcónaí faoi láthair áit ar bith ar oileán na hÉireann.

Déanfar na hiontrálacha uile a thaispeáint ar líne inár TIA! Gailearaí Digiteach arna dhearadh chun éagsúlacht agus cruthaitheacht iontach ealaíontóirí óga in Éirinn inniu a chur os chomhair an phobail.

Is é an téama d'iontrálacha in 2023 ná **'Seo Inspioráid!'** agus ba mhaith linn an méid atá ina inspioráid duit a fheiceáil!

### Seo conas iontráil a dhéanamh

1. CRUTHAIGH do shaothar ealaíne

Is féidir leat ábhar nó meán ar bith a úsáid chun d'iontráil a chruthú. Smaoinigh ar an téama 'Seo Inspioráid' agus bíodh spraoi agat agus do shaothar á chruthú. Ba cheart go dtabharfadh do shaothar ealaíne léargas ort agus ar do dhearcadh uathúil.

2. TÓG GRIANGHRAF nó déan SCANADH de.

Nuair a bheidh do shaothar ealaíne críochnaithe agat, ní mór duit íomhá dhigiteach ardchaighdeáin a ghabháil de.

- Tóg grianghraf ardtaifigh nó déan scanadh digiteach de do shaothar ealaíne.
- Caithfidh an íomhá a bheith grinn agus soiléir gan scáthanna nó baic radhairc ar bith
- Iarr cabhair ó mhúinteoir nó ó chaomhnóir chun do shaothar a scanadh nó grianghraf a thógáil de.

Beidh ort freisin réamhrá gairid i scríbhinn a chur isteach faoi do shaothar ar a dtugtar Ráiteas Ealaíontóra. Leis sin insítear dúinn faoi na nithe ar bhain tú úsáid astu chun do shaothar a chruthú, cad is ciall le do shaothar agus cad a bhí ina inspioráid duit chun é a chruthú. Tá an-spéis againn i do scéal!

3. UASLÓDÁIL d'iontráil

Déan na treoirlínte iontrála a sheiceáil ar an suíomh gréasáin.

Bí cinnte chun cead a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir.

Uaslódáil d'iontráil ar rte.ie/thisisart roimh mheán oíche an 8ú Bealtaine 2023

### Na Catagóirí

Déanfar moltóireacht ar an gcomórtas sna catagóirí a leanas:

- 7 mbliana d'aois agus Níos Óige
- 8-11 bhliain d'aois
- 12-15 bliana d'aois
- 16-18 mbliana d'aois
- Grúpaí (scoileanna agus grúpaí pobail)

### Painéal Giúróirí

Roghnóidh giúiré d'ealaíontóirí agus de choimeádaithe gairmiúla na saothair ealaíne bhuaiteacha agus mholta. Áirítear na daoine a leanas ar phainéal na bliana seo:

- Tadhg Crowley, Coimeádaí Sinsearach, Músaem Glucksman, COC
- Aoife Dooley, Maisitheoir & Údar
- Ruth Medjber, Grianghrafadóir
- Annie Fletcher, Stiúrthóir IMMA, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
- Amanda Coogan, Taibhealaíontóir
- Colin Martin, Scoil RHA & NCAD (Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha)

### Duaiseanna & Gradaim

Fógrófar na buaiteoirí an 10ú Meitheamh 2023 fad a bheidh Cruinniú na nÓg ar siúl, lá cruthaitheachta na hÉireann do dhaoine óga.

Déanfaidh Údaráis Áitiúla saothair roghnaithe a thaispeáint ar fud na tíre agus ar na meáin shóisialta.

Gheobhaidh an iontráil sa chéad áit i ngach catagóir TIA uathúil! Trófaí do Bhuaiteoirí Grand Prix arna dhéanamh go speisialta do TIA!23 ag ealaíontóir gloine clúiteach Éireannach, Róisín de Buitléar

Tá duaischiste iomlán de €10,000 ann freisin d'ábhair ealaíne, d'eispéiris foghlama agus do dhearbháin a bhaineann le healaín.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin nó lean muid ag @tia.ie ar Instagram chun níos mó a fhoghlaim maidir le conas páirt a ghlacadh.

### Cuir Iontráil Isteach Inniu

rte.ie/thisisart

### Dáta Deiridh

8ú Bealtaine 2023

### Déan Teagmháil Le

hello@thisisart.ie

PS. Mura bhfuil smaoineamh inspioráide ag rith leat bí cinnte chun sraith nua de Chlub Seo Ealaín a sheiceáil! An Déardaoin 5in ar RTÉ2 & ar Sheinnteoir RTÉ.

Cruinniú na nÓg

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

RTÉ